An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# Stair

## Cur chuige Scoláire-lárnach do Stair na Sraithe Sóisearaí

2019 -2020

Físghabháil Scáileáin a Trí

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Ionad Oideachais Mhuineacháin

cc BY NC

# Gluais na nEochairfhocal

**Tasc Measúnaithe (TM):** Is tasc scríofa é a chuireann scoláirí i gcrích laistigh den cheacht. Ní mharcálann an múinteoir ranga é ach cuirtear ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é le haghaidh a mharcála mar chuid den scrúdú stát-teistithe sa Stair. Is é an CNCM a shonróidh an Tasc Measúnaithe agus beidh baint aige leis an bhfoghlaim ar a bhfuil an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe.

**Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna):** Is ionann Scrúduithe Rangbhunaithe agus ócáidí nuair a dhéanann an múinteoir na scoláirí a mheas agus na tasc(anna) ar leith ó Shonraíocht na Staire in úsáid.Is cóir breathnú ar an bpróiseas chun na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den teagasc agus den fhoghlaim, agus ní chun críocha measúnaithe amháin Tugtar faoi na MRBnna laistigh d'am ranga na Staire agus cuirtear tréimhse trí seachtaine i leataobh chun iad a chur i gcrích.

**Tuairisíní:** Tá ceithre thuairiscín ghnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe i Stair na Sraithe Sóisearaí: *Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill.* Meastar go mbeidh an obair uile a chuirtear isteach ag teacht le ceann de na ceithre thuairiscíní seo.

**Gnéithe Cáilíochta:** Na ráitis sna sonraíochtaí ábhar a úsáidtear chun breithiúnais a thabhairt faoi cháilíocht shaothar an scoláire d'fhonn gráid ghnóthachtála a bhronnadh le haghaidh teistiúcháin. De bhrí go bhfuil nasc dlúth idir critéir ratha agus intinní foghlama agus go bhfuil siad bunaithe ar na próisis sa seomra ranga ó lá go lá, beidh foghlaim scoláirí ina scáthán de réir a chéile ar na riachtanais atá leagtha amach sna Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear chun críocha teistiúcháin.

**Measúnú Foirmitheach**: Gníomhaíochtaí measúnaithe pleanáilte a mheallann fianaise ar fhoghlaim sa seomra Staire. Áirítear iad seo ina measc, intinní foghlama agus critéir ratha a shoiléiriú, a roinnt agus a thuiscint, ceistiú éifeachtach a ghníomhachtú, aiseolas a chuireann an fhoghlaim chun cinn agus a thugann deis don mhúinteoir agus don scoláire machnamh ar an gcaoi a bhfuil an fhoghlaim ag dul chun cinn agus cinneadh a dhéanamh le chéile faoin na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a chinntiú.

**Teanga le húsáid i réimse na Riachtanas Speisialta Oideachais**

- Scoláirí ag a mbíonn riachtanais bhreise…
- Scoláire a mbíonn deacracht aige le . . .
- Cumas thar an gcoitiantacht
- Scoláirí CFL1 / 2 ag plé le Cláir Foghlama Leibhéal 1 / Leibhéal 2
- SLA (Samhail de Leithdháileadh Acmhainní) samhail nua i gcomhair cigireacht ar riachtanais speisialta oideachais (RSO)
- Tacaíocht Scaflála do scoláire
- D.U.F. Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim

**Intinní Foghlama:** Is ráitis iad a chruthaíonn an múinteoir leis féin agus / nó leis na scoláirí a chuireann síos go soiléir ar an eolas, an tuiscint agus na scileanna stairiúla a ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint mar thoradh ar ghníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc. Bíonn nasc i dtólamh idir na hintinní foghlama agus toradh foghlama amháin nó níos mó i sonraíocht na Staire.

**Torthaí Foghlama:** ráitis sna sonraíochtaí curaclaim chun cur síos ar an eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith in ann a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.

**Teagasc, foghlaim agus measúnú ilmhódach:** is meascán é de réitigh theicneolaíocha cheannródaíocha, eispéiris foghlama phraiticiúla agus modheolaíochtaí straitéiseacha teagascacha. NÍ amháin go mbaineann sé le teoiric a theagasc; baineann sé le cleachtadh – foghlaim trí ghníomhú. Músclaíonn teagasc ilmhódach suimeanna foghlaimeora agus cuireann ar a gcumas fiosrú, ceistiú agus conclúidí a dhéanamh. Níos tábhachtaí arís, spreagann sé comhoibriú. Oibríonn foghlaimeoirí le chéile chun scileanna criticiúla a thógáil, fadhbanna a réiteach, righniú le tasc agus féinmhuinín a thógáil. Spreagann teagasc ilmhódach foghlaim fad saoil.

**Critéir Ratha:** ceangailte leis na hintinní foghlama agus na torthaí foghlama. An múinteoir agus / nó na scoláirí a chumann iad agus cuireann siad síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil Cuidíonn siad leis an múinteoir, agus leis an scoláire, breithiúnais a dhéanamh faoi cháilíocht foghlama scoláirí.

**Measúnú Leanúnach:** mar chuid den obair ranga, bíonn scoláirí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí measúnaithe a bhíonn foirmitheach nó suimitheach de nádúr. Déanann múinteoirí measúnú mar chuid den chleachtas laethúil tri bhreathnú agus éisteacht agus na scoláirí i mbun tascanna, ag breathnú ar an rud atá siad a scríobh agus a dhéanamh agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfreagraíonn siad, a gcumann siad ceisteanna, agus a gcuireann siad ceisteanna. Baineann múinteoirí úsáid as an eolas measúnaithe seo chun cabhrú le scoláirí na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama a phleanáil. Ó am go chéile, beidh an measúnú seo níos struchtúrtha agus níos foirmiúla áit a gcaithfidh múinteoirí léargas a ghabháil de dhul chun cinn scoláirí chun cinntí a dhéanamh ar phleanáil sa todhchaí agus tuairisc a dhéanamh ar dhul chun cinn. Is féidir go mbeadh tionscadail, fiosrúcháin, cásanna staidéir agus / nó teisteanna i gceist agus is féidir go dtarlódh a leithéid ag amanna ar leith i bhféilire na scoile.

**Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) :** Gheofar comhthuiscint ar chaighdeáin na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.Tugann na múinteoirí rannpháirteacha a gcuid samplaí féin d'obair scoláirí isteach agus cuireann siad a mbreithiúnais féin i gcomparáid le breithiúnais a gcomhghleacaithe, mar aon leis na samplaí anótáilte d'obair scoláirí agus sonraíochtaí a chuireann an CNCM ar fáil. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht scoláirí a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

**Measúnú Suimitheach:** Measúnú suimitheach a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear é chun foghlaim scoláire a mheas ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama áirithe. Is í an aidhm atá leis, achoimre a dhéanamh ar ghnóthachtáil scoláirí Staire na Sraithe Sóisearaí agus a dhearbhú cé acu a léirigh na scoláirí nó cé mhéad a léirigh siad tuiscint ar an bhfoghlaim sin trína cur i gcomparáid le critéir ratha nó le Gnéithe Cáilíochta a comhaontaíodh..

**Eispéiris Foghlama:** is eispéiris scoláire-lárnacha iad seo a dearadh chun cabhrú le teagasc, foghlaim agus measúnú i seomraí ranga Stair na Sraithe Sóisearaí. Is é an chéad chéim chun eispéiris foghlama spreagúla a chruthú sa seomra ranga an phríomhfhoghlaim ó aonaid foghlama na roinne a shainaithint. Ba chóir go gcuirfeadh an fhoghlaim roimhe seo bonn eolais faoi phointe tosaithe an scoláire. Ba chóir don dearadh cur síos go soiléir ar an bhfoghlaim ina mbíonn na scoláirí rannpháirteach trí intinní foghlama agus critéir ratha a úsáid, atá scríofa i dteanga atá sothuigthe ag scoláirí agus a roinntear leo. Ba chóir aird a dhíriú ar cleachtais uileghabhálacha agus eispéiris foghlama á ndearadh chun deiseanna a thabhairt do na scoláirí uile a gcuid foghlama a léiriú agus a ndúshlán a thabhairt chun an fhoghlaim a leathnú.

**Aonad Foghlama:** Úsáidfidh múinteoirí na torthaí foghlama a cuireadh ar fáil i Sonraíocht na Staire mar thúsphointe pleanála le haghaidh aonad foghlama. Déantar nasc leis na torthaí foghlama a chuireann síos go soiléir ar an eolas, an tuiscint agus na scileanna a ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint de bharr na ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc san aonad sin.

Nótaí:

# Comhpháirtithe i Leasú Oideachais na Sraithe Sóisearaí

| An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills | NCCA | Coimisiún na Scrúduithe Stáit State Examinations Commission | An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí JuniorCYCLE for teachers |
|---|---|---|---|
| **Forbhreathnú** | | | |
| Is í an Chigireacht an rannóg sa Roinn Oideachais agus Scileanna atá freagrach as bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus ionaid oideachais a mheas. Mar chuid dá cuid oibre, áirítear foilsiú tuairiscí ar chigireachtaí ábhar agus ar Chigireachtaí na Scoile Uile. | The Is foras reachtúil de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna é an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). | Tá Coimisiún na Scrúduithe Stáit freagrach as forbairt, measúnú, creidiúnú agus deimhniú a dhéanamh ar scrúduithe dara leibhéal Stát na hÉireann lena n-áirítear an tSraith Shóisearach agus an Ardteistiméireacht. Is foras poiblí neamhroinne é Coimisiún na Scrúduithe Stáit faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Scileanna. | Is sainseirbhís tacaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna í an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM). Is í an fheidhm atá aici tacú le scoileanna agus iad ag cur i bhfeidhm an Chreata nua don tSraith Shóisearach (2015) trí FGL oiriúnach ar ardchaighdeán a sholáthar do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí agus trí acmhainní éifeachtacha teagaisc agus foghlama a chur ar fáil. |
| **Príomhfhoilseacháin** | | | |
| Ag Breathnú ar an Scoil Againne<br>Clár Céimithe | Creat don tSraith Shóisearach (2015).<br>Sonraíocht Staire na Sraithe Sóisearaí (2017)<br>Treoirlínte Measúnaithe Staire na Sraithe Sóisearaí (2018) | Tascanna Measúnaithe.<br>Páipéir Scrúdaithe Shamplacha.<br>Leabhráin Treoirlínte maidir le Tascanna Measúnaithe a chur i gcrích. | Tacaí FGL.<br>Seimineáir Ghréasáin<br>Tacaí Pleanála. |
| **Seoladh Gréasáin** | | | |
| www.education.ie/ga/An-Roinn/Bainist%C3%ADocht-Eagar/Cigireacht-.html | https://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/History?lang=ga-ie | www.examinations.ie/?l=ir&mc=ex&sc=jc | www.jct.ie/leagangaeilge/history/history_ga |
| **Nasc-Chód MF** | | | |
| | | | |

# Eispéireas Foghlama Staire na Chéad Bhliana: Ceann amháin

***Dúshlán: Cén t-ainm a thabharfá ar an Eispéireas Foghlama seo?***

**Ainm an Eispéiris Fhoghlama:**

______________________________________________

______________________________________________

*Cén fáth?*

______________________________________________

______________________________________________

**Comhthéacs teagaisc agus foghlama:**

*An réamheolas agus na scileanna a rinne dúshraith don eispéireas foghlama. .*

Cruthaíodh an t-eispéireas foghlama seo chun cabhrú le scoláirí chéad bhliana sa dara seachtain acu de Stair na Sraithe Sóisearaí. Bhí beagán réamheolais ag na foghlaimeoirí ón mbunscoil maidir le croineolaíocht agus bhí taithí áirithe ag an gcuid is mó acu a bheith ag déanamh amlíne de chineál éigin . Ceapadh an t-eispéireas do thréimhse ranga a mhair uair amháin le píosa machnaimh don obair baile. Bhí teacht ag scoláirí ar ghairis le hinrochtaineacht idirlín le linn an cheachta. Ba chuid d'aonad foghlama é - 'Conas a oibríonn Staraí le fianaise?'

Bhí na foghlaimeoirí rannpháirteach in eispéireas foghlama roimhe sin mar a leanas:

- D'oibrigh siad le foinsí príomha agus tánaisteacha – scríofa, amhairc, cloiste, ó bhéal agus tadhaill
- D'fhoghlaim siad conas a aimsíonn staraithe fianaise
- D'fhiosraigh samplaí d'amlínte
- Leag siad amach príomhchoincheapa na croineolaíochta – ord, dáta, scála, tábhacht, réanna agus tréimhsí deich mbliana

**Torthaí foghlama i bhfócas:** *Tugadh an deis do na scoláirí na torthaí foghlama ón aonad foghlama a léiriú,* ***ina n-iomlán nó go páirteach****, i gcruthú an eispéiris fhoghlama*

1.10 tuiscint chróineolaíoch a léiriú trí línte ama a chruthú agus a choinneáil de na pearsana, saincheisteanna agus eachtraí ionas gur féidir iad a aimsiú de réir mar a tháinig siad chun cinn sna tréimhsí staire áirithe.

1.5 fiosrú a dhéanamh ar phost an staraí, lena n-áirítear an chaoi a n-aimsíonn sé/sí fianaise agus a úsáideann sé/sí fianaise chun breithiúnais stairiúla a dhéanamh a d'fhéadfaí a athrú de réir mar a thiocfadh fianaise nua chun cin

1.6 tairbhe agus teorainneacha na gcineálacha difriúla bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha stairiúla a phlé, cosúil le fianaise i bhfoirm scríbhinn, fianaise físe, cluasfhianaise, fianaise ó bhéal agus fianaise thadhlach; tuiscint a bheith aige ar thábhacht na seandálaíochta agus na teicneolaíochta nua ar fiosrú stairiúil

**Cur síos ar an eispéireas foghlama:** *Conas a tugadh deis do na scoláirí a bheith rannpháirteach ina gcuid foghlama agus í a léiriú*

I mbeirteanna, tugadh dúshlán do na scoláirí fiosrúchán stairiúil a dhéanamh ar amscála de shaol a gcomrádaí

- Rinne siad agallamh lena chéile agus chruthaigh amlíne ar shaol a chéile a léiriú na n-imeachtaí seo ina saol: dáta breithe agus breithlaethanta ó shin, ag tosú agus ag críochnú sa bhunscoil, ag tosú ar mheánscoil
- Iarradh orthu dátaí imeachtaí tábhachtacha áitiúla agus domhanda a tharla laistigh d'amlíne bhlianta saoil a gcomrádaí a shainaithint, taighde a dhéanamh orthu agus iad a chur ar an amlíne
- Iarradh ar na scoláirí nóta machnaimh a dhéanamh orthu seo a leanas:
    - Cén fáth ar roghnaigh siad mar staraithe na himeachtaí áitiúla agus domhanda atá le feiceáil ar an amlíne?Cén fáth a bhfuil siad tábhachtach?
    - Cé chomh furasta nó chomh doiligh a bhí sé dátaí na n-imeachtaí a aimsiú agus cad iad na foinsí fianaise a d'úsáid siad chun a chinntiú (a dhearbhú) go raibh siad cruinn?

**Intinní Foghlama:**

*An fhoghlaim bheartaithe don eispéireas a cuireadh in iúl go soiléir do na scoláirí*

Táimid ag foghlaim chun:

- Conas amlíne a chruthú a léiríonn croineolaíocht (ord ina dtarlaíonn) sraith imeachtaí
- Dátaí imeachtaí stairiúla a shainaithint agus iad a chur ar amlíne go croineolaíoch
- Tuiscint conas a aimsíonn staraí fianaise agus a dhéanann sé cinnte go bhfuil sé fíor (cruinn)

**Critéir Ratha**

*Na critéir ratha lena léiriú go mbaintear amach intinní foghlama an eispéiris*

Ceisteanna a chur agus fianaise a bhailiú faoi dhátaí sraith imeachtaí ó mo chomrádaí

- Amlíne a chruthú chun an tsraith imeachtaí a léiriú
- Taighde a dhéanamh ar dhátaí imeachtaí tábhachtacha áitiúla agus domhanda a tharla le linn na tréimhse céanna ama
- Na himeachtaí áitiúla agus domhanda seo a chur go cruinn ar an amlíne
- An fáth ar roghnaigh mé imeachtaí tábhachtacha áitiúla nó domhanda a mhíniú
    - Cur síos ar an gcaoi ar aimsigh mé fianaise faoi imeacht áitiúil nó domhanda

## Eispéireas Foghlama Staire na Chéad Bhliana: A Dó

### Dúshlán: Cén t-ainm a thabharfá ar an Eispéireas Foghlama seo?

Ainm an Eispéiris Fhoghlama: :

______________________________________________________________

______________________________________________________________

Cén fáth?

______________________________________________________________

______________________________________________________________

### Comhthéacs teagaisc agus foghlama: An réamheolas agus na scileanna a rinne dúshraith don eispéireas foghlama.

Cruthaíodh an t-eispéireas foghlama seo chun cabhrú le scoláirí chéad bhliana sa séú seachtain acu de Stair na Sraithe Sóisearaí. Bhí réamheolas áirithe ag foghlaimeoirí ar shibhialtachtaí stairiúla ón mbunscoil. Bhí taithí ag foghlaimeoirí ar aonad foghlama roimhe seo: ‘Conas a oibríonn Staraí le fianaise?’ a thug an réamheolas ar obair an staraí dóibh agus conas a oibríonn siad le fianaise. (1.5) tuiscint ar chineálacha fianaise stairiúil (1.6) cumas éiritheach chun breithiúnais stairiúla a dhéanamh maidir le tábhacht (1.7) agus taithí ar amlínte a chruthú (1.10).
Dearadh an t-eispéireas le haghaidh dhá thréimhse ranga uair an chloig agus obair baile le dul leis. Bhí teacht ag scoláirí ar ghairis le hinrochtaineacht idirlín le linn an cheachta.
Ba chuid d’eispéireas foghlama é an tAonad Foghlama: Fianaise ar Shibhialtachtaí (pobal nó náisiún san am a chuaigh thart a bhí eagraithe go sóisialta agus go polaitiúil). Bhí na foghlaimeoirí rannpháirteach in eispéireas foghlama roimhe sin mar a leanas::

- D’fhiosraigh sé coincheap na sibhialtachtaí stairiúla lena n-áirítear na gnéithe éagsúla de shibhialtacht amhail rialtas, sochaí, bia, éadaí, reiligiún, ealaíona & ceardaíochtaí, trádáil
- Shainaithin sé bealaí inar chuidigh gníomhaíochtaí agus éachtaí sibhialtachtaí san am a chuaigh thart leis an saol laethúil atá againne.

### Torthaí foghlama i bhfócas: Tugadh an deis do na scoláirí na torthaí foghlama ón aonad foghlama a léiriú, ina n-iomlán nó go páirteach, i gcruthú an eispéiris fhoghlama

3.1 imscrúdú a dhéanamh ar shaol daoine i saoránacht ársa nó mheánaoiseach dá rogha féin agus míniú a thabhairt ar an gcaoi ar rannchuidigh gníomhartha agus/nó éachtaí na saoránachta sin le stair na hEorpa agus/nó an domhan mór
1.5 fiosrú a dhéanamh ar phost an staraí, lena n-áirítear an chaoi a n-aimsíonn sé/sí fianaise agus a úsáideann sé/sí fianaise chun breithiúnais stairiúla a dhéanamh a d’fhéadfaí a athrú de réir mar a thiocfadh fianaise nua chun cinn
1.7 breithiúnais stairiúla a dhéanamh bunaithe ar fhianaise faoi phearsa, saincheisteanna agus eachtraí san am atá thart, ag léiriú feasachta maidir le tábhacht stairiúil
1.8 tuairisc a dhéanamh ar stór fianaise stairiúil cosúil le músaem, leabharlann, ionad oidhreachta, cartlann nó taispeántas digiteach nó cartlann nó taispeántas eile

### Cur síos ar an eispéireas foghlama:
Conas a tugadh deis do na scoláirí a bheith rannpháirteach ina gcuid foghlama agus í a léiriú.

I ngrúpaí, thug na scoláirí faoi fhiosrúchán ar a rogha féin sibhialtachta a dhírigh ar:
Gnéithe den saol ina sibhialtacht agus cén cuidiú suntasach a thug an tsibhialtacht a roghnaigh siad do stair an domhain. Chruthaigh siad taispeántais chun a gcuid torthaí a léiriú agus an áit ar tháinig siad ar fhianaise chun cabhrú leis na fionnachtana sin

**Intinní Foghlama:**
*An fhoghlaim bheartaithe don eispéireas a cuireadh in iúl go soiléir do na scoláirí*

Táimid ag foghlaim chun:

- Foinsí fianaise ar líne a úsáid chun taighde a dhéanamh ar shibhialtacht
- Fios a bheith acu faoi ghnéithe den saol i sibhialtacht
- Ionchur sibhialtachta i stair an domhain a shainaithint
- Fianaise a úsáid chun tábhacht na sibhialtachta a roghnaímid a mhíniú

**Critéir Ratha**
*Na critéir ratha lena léiriú go mbaintear amach intinní foghlama an eispéiris*

Is féidir liom:

- Foinsí iontaofa fianaise stairiúil a aimsiú ar line
- Fianaise ar ghnéithe den saol i sibhialtacht a bhailiú agus amlíne a chruthú chun an tsraith imeachtaí a léiriú.
- Gnéithe den saol i sibhialtacht a léiriú
- Cur síos a dhéanamh ar ról sibhialtachta i stair an domhain
- Mínigh cén fáth a bhfuil an sibhialtacht a roghnaigh muid suntasach go stairiúil

## Eispéireas Foghlama Staire na Chéad Bhliana: A Trí

### *Dúshlán: Cén t-ainm a thabharfá ar an Eispéireas Foghlama seo?*

Ainm an Eispéiris Fhoghlama

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

Cén fáth*?*

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**Comhthéacs teagaisc agus foghlama:** *An réamheolas agus na scileanna a rinne dúshraith don eispéireas foghlama. .*

Dearadh an t-eispéireas foghlama seo chun cabhrú le scoláirí na chéad bhliana ag tús an dara téarma acu de Stair na Sraithe Sóisearaí. Bhí beagán réamheolais ag na foghlaimeoirí ar aimsir na meánaoiseanna ón mbunscoil.
Bhí taithí ag foghlaimeoirí ar aonad foghlama roimhe seo: 'Conas a oibríonn Staraí le fianaise?' a thug an réamheolas ar obair an staraí dóibh agus conas a oibríonn siad le fianaise. (1.5) tuiscint ar chineálacha fianaise stairiúil (1.6) cumas éiritheach chun breithiúnais stairiúla a dhéanamh maidir le tábhacht (1.7) agus taithí ar amlínte a chruthú (1.10). Bhí aonaid foghlama críochnaithe acu ar fhianaise ar Shibhialtachtaí (3.1) agus Éire Iuath-Chríostaí (2.6) a thug deiseanna dóibh a gcuid scileanna taighde a fhorbairt (1.8)  mar aon lena réamheolas ar thábhacht an Reiligiúin (3.8) agus ar athruithe san ealaín (3.7)
Dearadh an t-eispéireas le haghaidh trí thréimhse ranga uair an chloig agus obair baile le dul leis. Bhí teacht ag scoláirí ar ghairis le hinrochtaineacht idirlín le linn an cheachta. Ba chuid den aonad foghlama: 'Beatha agus Bás sna Meánaoiseanna' an t-eispéireas foghlama seo. Bhí na foghlaimeoirí rannpháirteach in eispéireas foghlama roimhe sin mar a leanas:

- create Chruthaigh siad amlíne ar na céadta ar a dtugtar na meánaoiseanna orthu agus an fáth atá leis sin
- D'fhiosraigh siad coincheap an fheodachais agus an dóigh ar dáileadh cumhacht agus talamh ar ghrúpaí éagsúla i sochaí na meánaoise
- D'aithin siad agus rinne siad staidéar ar fhoinsí fianaise faoi na meánaoiseanna lena n-áirítear ábhar foinse phríomha ar nós sleachta as Leabhar Lá an Bhreithiúnais agus Taipéis Bayeux.

**Torthaí foghlama i bhfócas:** *Tugadh an deis do na scoláirí na torthaí foghlama ón aonad foghlama a léiriú, **ina n-iomlán nó go páirteach**, i gcruthú an eispéiris fhoghlama*

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire::**
3.6 **fiosrú a dhéanamh** ar bheatha agus ar bhás sna meánaoiseanna
1.1 **ionbhá stairiúil a chothú** trí fhéachaint ar dhaoine, ar shaincheisteanna agus ar eachtraí ar thángthas trasna orthu ina staidéar ar an am atá thart i gcomhthéacs na tréimhse sin sa stair
1.7 **breithiúnais stairiúla a dhéanamh** bunaithe ar fhianaise faoi phearsa, saincheisteanna agus eachtraí san am atá thart, ag léiriú feasachta maidir le tábhacht stairiúil
1.8 **tuairisc a dhéanamh** ar stór fianaise stairiúil cosúil le músaem, leabharlann, ionad oidhreachta, cartlann nó taispeántas digiteach nó cartlann nó taispeántas eile

**Cur síos ar an eispéireas foghlama::**
*Conas a tugadh deis do na scoláirí a bheith rannpháirteach ina gcuid foghlama agus í a léiriú*

I ngrúpaí, tugadh ceann amháin de na grúpaí sa chóras feodach do na scoláirí, grúpaí amhail Tiarnaí agus Bantiarnaí i mainéar, Ridirí i gcaisleán, Manaigh i mainistir, Ceardaithe i mbaile mór, Tuathánaigh i mainéarin .  D'fhiosraigh siad na gnéithe seo a leanas ina saol sin: 1. Tithíocht, 2. Bia agus éadaí, 3. Obair / dualgais, 4. Creidimh reiligiúin, 5. Siamsaíocht agus 6. Sláinte agus bás. Chruthaigh gach grúpa ciúb eolais agus faisnéis faoi gach gné dá gcuid taighde ar cheann amháin de na sé aghaidheanna ar an mbosca.

| **Intinní Foghlama :**<br>*An fhoghlaim bheartaithe don eispéireas a cuireadh in iúl go soiléir do na scoláirí.* | **Critéir Ratha:**<br>*Na critéir ratha lena léiriú go mbaintear amach intinní foghlama an eispéiris.* |
|---|---|
| Táimid ag foghlaim chun:<br>• Eolas a bhailiú ar shaol grúpa amháin daoine i gcóras feodach na meánaoise<br>• Eolas a bheith acu ar ghnéithe den saol agus den bhás dá ngrúpa daoine i sochaí na meánaoise<br>• Eolas tábhachtach agus ábhartha a roghnú faoin ngrúpa áirithe daoine sin i sochaí na meánaoise<br>• Tuiscint a fháil ar an sórt saoil a chaith a ngrúpa áirithe daoine i sochaí na meánaoise | Is féidir liom:<br>• Foinsí iontaofa d'fhianaise stairiúil faoi na meánaoiseanna a aimsiú ar line<br>• Cur síos ar ghnéithe de shaol agus de bhás grúpa amháin daoine i sochaí na meánaoise<br>• Taispeántas d'eolas stairiúil faoi ghrúpa daoine i sochaí na meánaoise a chruthú |

# Eispéireas Foghlama Staire na Chéad Bhliana: A Ceathrar

**_Dúshlán: Cén t-ainm a thabharfá ar an Eispéireas Foghlama seo?_**

Ainm an Eispéiris Fhoghlama:

______________________________________________________________________

*Cén fáth?*

______________________________________________________________________

**Comhthéacs teagaisc agus foghlama:** *An réamheolas agus na scileanna a rinne dúshraith don eispéireas foghlama.*

Dearadh an t-eispéireas foghlama seo chun cabhrú le scoláirí na chéad bhliana ag tús an tríú téarma acu de Stair na Sraithe Sóisearaí. Bhí beagán réamheolais ag na foghlaimeoirí a chabhródh leis seo ina gcuid staidéir ar réanna athraithe agus coimhlinte ón mbunscoil lena n-áirítear coincheapa na hathbheochana, an Reifirméisin, trádálaithe, taiscéalaithe agus lucht coilíneachta ón Eoraip. Bhí taithí ag foghlaimeoirí cheana féin ar aonad eile foghlama roimhe: Conas a oibríonn staraí le fianaise? Agus bhí réamhfhoghlaim déanta acu a spreag a gcuid smaointeoireachta faoi athruithe in ealaín (3.7) agus faoi thábhacht an reiligiúin. Thug siad faoi eispéiris foghlama a d'fhorbair a gcuid scileanna taighde

Dearadh an t-eispéireas le haghaidh trí thréimhse ranga uair an chloig agus obair baile le dul leis. Bhí teacht ag scoláirí ar ghairis le hinrochtaineacht idirlín le linn an cheachta. Ba chuid den aonad foghlama: 'Ré an Athraithe' an t-eispéireas foghlama seo.

Bhí na foghlaimeoirí rannpháirteach in eispéireas foghlama roimhe sin mar a leanas:

- Chruthaigh amlíne chun roinnt de na himeachtaí, daoine agus fionnachtana tábhachtacha thar thréimhse 300 bliain (1400 -1700) a léiriú
- Shainaithin athruithe tábhachtacha in obair ealaíne (lena n-áirítear léarscáileanna) agus litríocht 1400 – 1700
- Chuir síos ar nuálaíochtaí eolaíochta i réimsí na bitheolaíochta, na teicneolaíochta agus na réalteolaíochta 1400 – 1700
- D'fhiosraigh ról agus freagra na hEaglaise Caitlicí ar fhorbairtí i Léann na healaíne, na heolaíochta agus na litríochta

**Torthaí foghlama i bhfócas:** *Tugadh an deis do na scoláirí na torthaí foghlama ón aonad foghlama a léiriú, **ina n-iomlán nó go páirteach**, i gcruthú an eispéiris fhoghlama*

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:**

3.2 tionchar gabhála agus coilínithe ar dhaoine a mheas ina ndéantar tagairt do thaiscéalaíocht na Portaingéile agus na Spáinne

3.7 suntas a thabhairt ar na hathruithe a tharla i réimse na n-ealaíon agus na heolaíochta, agus béim ar leith ar thábhacht na hAthbheochana

3.8 machnamh a dhéanamh ar thábhacht an reiligiúin, agus béim ar leith ar an Reifirméisean agus gníomhartha leasaitheora amháin

1.1 ionbhá stairiúil a chothú trí fhéachaint ar dhaoine, ar shaincheisteanna agus ar eachtraí ar thángthas trasna orthu ina staidéar ar an am atá thart i gcomhthéacs na tréimhse sin sa stair

1.9 tuiscint ar thábhacht stair na hÉireann agus na hEorpa agus an domhain mhóir thar ghnéithe éagsúla, lena n-áirítear gnéithe polaitiúla, sóisialta, eacnamaíocha, creidimh, cultúrtha agus eolaíochta a léiriú

**Cur síos ar an eispéireas foghlama:**
*Conas a tugadh deis do na scoláirí a bheith rannpháirteach ina gcuid foghlama agus í a léiriú.*

Tugadh liosta do scoláirí de dhaoine a raibh tábhacht stairiúil ag baint leo agus a mhair idir 1400 - 1700 agus a rinne cion chun athraithe i gceann de amháin de na réimsí seo a leanas: 1. Ealaín agus eolaíocht le linn na hAthbheochana, 2. Taiscéalaíocht Spáinneach agus Phortaingéalach 3. Leasú reiligiúnach Críostaí, 4. Fionnachtana teicneolaíochtaí Tugadh a ndúshlán duine amháin a roghnú chun taighde a dhéanamh air agus argóint a dhéanamh faoi gcaoi ar chuidigh siad le rudaí a athrú idir 1400 – 1700.

| **Intinní Foghlama :** *An fhoghlaim bheartaithe don eispéireas a cuireadh in iúl go soiléir do na scoláirí* | **Critéir Ratha:** *Na critéir ratha lena léiriú go mbaintear amach intinní foghlama an eispéiris* |
|---|---|
| Táimid ag foghlaim chun:<br>• Eolas a bhailiú ar dhuine stairiúil ainmnithe a mhair idir 1400 -1700<br>• Tuiscint a bheith acu gur féidir le gníomhaíochtaí duine amháin a bheith ina gcúis le hathrú stairiúil<br>• Sainaithint conas a chuidigh an duine a roghnaigh tú le hathrú i gceann amháin de na réimsí<br>• Eolas stairiúil tábhachtach agus ábhartha a roghnú i dtaobh cion an duine sin chun athraithe<br>• Tuiscint a fháil ar an rud a spreag iad chun ionchur a bheith acu<br>Tuiscint a fhorbairt ar an gcaoi ar imir an ról a bhí acu tionchar ar an domhan ina mairimid inniu | Is féidir liom:<br>Próifíl ar phearsa stairiúil a chruthú<br>Fianaise ar mo thaighde a chur i láthair<br>Liosta a dhéanamh de na príomhghníomhartha nó imeachtaí a raibh baint acu leo<br>Cur síos a dhéanamh ar an gcion ar rinne siad i ré an athraithe<br>A thaispeáint cad é a spreag a gcuid gníomhartha<br>Tionchar a gcuid gníomhartha ar an domhan inniu a léiriú |

# Machnamh á dhéanamh ar na samplaí d'eispéiris foghlama: anailís a dhéanamh ar ailíniú na foghlama

## Ag machnamh ar na torthaí foghlama . . .

*Conas a thugann an t-eispéireas foghlama deis don scoláire cuid de na torthaí foghlama atá i bhfócas, nó iad uile, a léiriú?*

| Ag obair go maith . . . | B'fhearr i bhfad dá . . . |
|---|---|
| | |

## Ag machnamh ar intinní foghlama…

*Conas atá na hintinní foghlama nasctha le cuid de na torthaí foghlama atá i bhfócas, nó leo uile? Conas atá na hintinní foghlama nasctha leis an eispéireas foghlama?*

| Ag obair go maith . . . | B'fhearr i bhfad dá . . . |
|---|---|
| | |

## Ag machnamh ar chritéir ratha…


*Conas atá na critéir ratha nasctha le cuid de na torthaí foghlama atá i bhfócas, nó leo uile? Conas atá na critéir ratha nasctha leis an eispéireas foghlama? Conas atá na critéir ratha nasctha leis na hintinní foghlama?*

| Ag obair go maith . . . | B'fhearr i bhfad dá . . . |
|---|---|
| | |

## Ag Machnamh ar an bhfísghabháil scáileáin seo

Arna chur in oiriúint ó Lenses (1995) ag Brookfield

Déan machnamh ar na léargais a fuair tú ó an bhfísghabháil scáileáin seo a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar do chleachtas trí na lionsaí seo a leanas. Is féidir go mbeadh roinnt freagraí mar an gcéanna.



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Stair

## Déan teagmháil linn

| Oifig Riaracháin: | Oifig an Stiúrthóra: |
| --- | --- |
| An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM),<br>Ionad Oideachais Mhuineacháin,<br>Cnoc an Chonnaidh,<br>Br. Ard Mhacha,<br>Co. Mhuineacháin | An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM),<br>BOOLM,<br>Sráid an tSéipéil,<br>Dún Dealgan,<br>Co. Lú |

www.metc.ie

Má tá ceist agat gabh i dteagmháil linn ag: info@jct.ie

@JCforTeachers

@JCTHistory

Follow us on Twitter

@JCforTeachers

@JCTHistory

www.jct.ie

www.ncca.ie

www.curriculumonline.ie

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Ionad Oideachais Mhuineacháin

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers